Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2025
(OR. en)

8671/25

EDUC 134
SOC 254
RECH 194
JEUN 63

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh<br>– *Formheas* |

1. An 7 Bealtaine 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air maidir leis an dréacht-Rún thuasluaite, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

2. Iarrtar ar an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt, dá bhrí sin, an dréacht-Rún a fhormheas ag an seisiún a bheidh aici an 12 Bealtaine 2025.

3. Tar éis dó a bheith formheasta, foilseofar an Rún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréachtrún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag tógáil ar an bhfís a cuireadh chun cinn sa Mholadh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas[1],

I bhfianaise na gconclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa[2],

Ag tabhairt dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirphlean le haghaidh céim Eorpach[3],

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas buanseasmhach don eolas, na scileanna, na hinniúlachtaí agus na luachanna is gá a thabhairt do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht chun dul i ngleic le dúshláin shainiúla ár linne, agus iad aontaithe ina bhfís d'Eoraip atá athléimneach, ullmhaithe, nuálach agus rathúil. De réir mar a dhéanann athruithe domhanda ár sochaithe a athmhúnlú – coinbhleachtaí armtha ag teorainneacha na hEorpa agus níos faide i gcéin, dlús á chur leis an ngéarchéim chomhshaoil, agus claochluithe teicneolaíochta a thugann dúshlán do thionscail agus do mhargaí saothair – aithnímid an gá atá le cur chuige réamhbhreathnaitheach, comhordaithe agus uaillmhianach lena neartófar iomaíochas na hEorpa agus lena gcaomhnófar saibhreas a hoidhreachta cultúrtha, ealaíonta agus intleachtúla agus a traidisiúin éagsúla oideachais ag an am céanna.

1 IO C 160, 13.4.2022, lch. 1.
2 IO C 167, 21.4.2022, lch. 9.
3 COM(2024) 144 final.

2. AITHNÍONN SÍ go bhfuil todhchaí na hEorpa ag brath ar neart a cuid saoránach – iad oilte, rannpháirteach agus cumasaithe chun sochaí dhinimiciúil chóir a mhúnlú agus páirt a ghlacadh inti, agus TÁ SÍ TIOMANTA glúnta de mhuintir na hEorpa a chothú a bheidh réidh le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus ar thodhchaí dhothuartha le diongbháilteacht agus le nuálaíocht.

3. AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá ag institiúidí ardoideachais agus ag comhghuaillíochtaí d'institiúidí ardoideachais, ar nós, mar shampla, na 'Ollscoileanna Eorpacha', maidir le barr feabhais acadúil agus eolaíoch a chur chun cinn, dul chun cinn ceannródaíoch a dhéanamh sa teicneolaíocht agus an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha is gá i saol athraitheach na hoibre a chothú, lena n-áirítear trí chuir chuige idirdhisciplíneacha lena gcomhtháthaítear réimsí éagsúla staidéir; AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá acu san fhoghlaim ar feadh an tsaoil mar fhreagairt ar aistrithe i margadh an tsaothair, go háirithe trí chonairí foghlama solúbtha saincheaptha a fhorbairt, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, aonaid foghlama níos lú ar nós micridhintiúr; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhar Eorpach athnuaite uaillmhianach maidir leis an ardoideachas lena gcothaítear buntáiste iomaíoch agus ceannaireacht na hEorpa ar an leibhéal domhanda.

4. TÁ SÍ TIOMANTA réitigh straitéiseacha a shainaithint agus a chur chun feidhme lena dtreiseofaí cumas na hEorpa tallann a mhealladh, saineolas a choinneáil agus a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le hearnálacha atá ag teacht chun cinn agus deireadh a chur le bacainní ar shaorghluaiseacht tallainne ag an am céanna. Ní mór an iarracht sin a bheith fréamhaithe i mbunús láidir oideachais, lena n-éascaítear comhar trasnáisiúnta i measc institiúidí, lena gcothaítear soghluaisteacht chothrom ardcháilíochta agus lena bhfeabhsaítear inoiriúnaitheacht na gcreataí teagaisc agus foghlama d'éilimh na todhchaí, go háirithe trí leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gclár Erasmus+ i ngach Ballstát.

5. DEARBHAÍONN SÍ nach mór don oideachas feidhmiú, ní hamháin mar uirlis don dul chun cinn eacnamaíoch, ach thar aon ní eile mar bhealach chun an ghné dhaonlathach, shóisialta agus chultúrtha lena dtugtar creatlach na sochaí le chéile a chothú trí bhraistint féiniúlachta agus muintearais atá dearfach agus uilechuimsitheach a neartú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus an méid sin bunaithe ar luachanna comhchoiteanna Eorpacha.

6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil ról suntasach ag an Aontas Eorpach maidir le tacú leis an oideachas agus leis an oiliúint, agus urraim iomlán á tabhairt aige don fhreagracht atá ar na Ballstáit a mbeartais oideachais agus oiliúna a mhúnlú, agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé riachtanais agus cúinsí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur san áireamh agus tionscnaimh Eorpacha á gceapadh.

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur creataí comhair riachtanacha iad an Limistéar Eorpach Oideachais agus an Limistéar Eorpach Taighde, i sineirgíocht le Limistéar Eorpach an Ardoideachais, arna gceapadh chun tacú leis seo ar fud na hEorpa: an t-oideachas, an teagasc, an chruthaitheacht, an taighde, an t-aistriú eolais agus an nuálaíocht, chomh maith lena bhfeabhsú agus a gcur chun cinn.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE tuarascáil Letta, ina moltar go dtabharfaí isteach an cúigiú saoirse lena gcuimseofaí taighde, nuálaíocht agus oideachas, chomh maith le céim Eorpach a fhorbairt chun feabhas a chur ar an gcomhar trasnáisiúnta san ardoideachas agus chun cúrsaíocht tallainne ar fud na hEorpa a chothú i margadh aonair níos comhtháite. Thairis sin, AITHNÍONN SÍ tuarascáil Draghi, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá an nuálaíocht chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach is gá a shaothrú chun athléimneacht na hEorpa a threisiú, LEAGANN SÍ BÉIM AR a phráinní atá sé an bhearna nuálaíochta a dhruidim agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le córais oideachais agus oiliúna a bheith níos freagrúla do riachtanais scileanna atá ag athrú.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, cé go bhfuil plé fós ar siúl maidir leis an gcéim Eorpach chomhpháirteach, nach bhfuil cinneadh déanta fós ag Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir lena tabhairt isteach féideartha, agus gur cheart aon tagairt do chéim Eorpach chomhpháirteach sa Rún seo ón gComhairle a thuiscint sa chiall sin.

10. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le neamhspleáchas agus éagsúlacht na n-institiúidí ardoideachais a choimirciú agus, faoi réir dhlí an Aontais, rochtain chothrom ar acmhainní a choimirciú, lena n-áirítear an cistiú atá ar fáil ón Aontas, gan beann ar an gcaoi a bhfeidhmíonn siad, agus prionsabail bhuiséadacha agus luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE atá ábhartha i gcur chun feidhme an bhuiséid á n-urramú ag an am céanna, agus MOLANN SÍ cur chuige uilechuimsitheach lena gcuirtear ar chumas na n-institiúidí ardoideachais uile tairbhe a bhaint as an gcomhar Eorpach agus idirnáisiúnta, lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon institiúid ar lár agus barr feabhais á shaothrú.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór aon tionscnamh nua, atá dírithe ar an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach – lena n-áirítear lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach a chur chun feidhme – a bheith faoi threoir cur chuige comhchoiteann céim ar chéim, lena seachnófar ualach breise riaracháin d'institiúidí ardoideachais agus do ghníomhaireachtaí náisiúnta dearbhaithe cáilíochta agus gealltanais airgeadais a théann níos faide ná na hacmhainní airgeadais atá ann cheana, gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027, agus a áirithiú go gcomhroinnfear an dul chun cinn i measc na mBallstát uile, agus TÁ SÍ TIOMANTA na hiarrachtaí sin a chur chun cinn le comhleanúnachas, uaillmhian agus tiomantas buanseasmhach chun a áirithiú go mbeidh an t-oideachas ina bhunchloch do chomhlíonadh pearsanta, sóisialta agus gairmiúil, chomh maith le saoránacht ghníomhach do mhuintir uile na hEorpa.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtugtar deis, le torthaí deiridh thionscadail tástála beartais Erasmus+ ar lipéad céime Eorpaí comhpháirtí, tuilleadh plé a dhéanamh ar an gcaoi lena dhéanamh níos éasca d'institiúidí ardoideachais atá ag glacadh páirt sa chomhar trasnáisiúnta cláir chomhpháirteacha a chur ar fáil agus céimeanna comhpháirteacha a bhronnadh, i gcomhréir le hionstraimí Bologna, lena n-áirítear trí thionscnaimh ábhartha, mar shampla an chéim Eorpach chomhpháirteach. D'fhéadfadh leathadh amach an lipéid céime Eorpaí líon na gcomhchlár staidéir a mhéadú ionas go mbainfear tairseach chriticiúil amach agus go mbeidh spreagadh níos mó ann do na Ballstáit deireadh a chur le roinnt bacainní a bhaineann le comhchláir staidéir a sholáthar.

13. AONTAÍONN SÍ go bhféadfadh lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus torthaí na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach cur le tarraingteacht na gcomhchlár staidéir, na soghluaisteachta agus an uathaitheantais ar deireadh, chun timpeallacht oideachais réamhbhreathnaitheach a chruthú lena gcothófar an nuálaíocht agus an comhar trasteorann, agus chun an t-ardoideachas Eorpach agus a sheasamh domhanda a neartú, ar mhaithe le saoránaigh an lae inniu agus leis na glúnta a mhúnlóidh todhchaí na hEorpa.

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go saothrófaí na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Rún seo agus na córais oideachais agus oiliúna sna creataí dlíthiúla náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh.

SAINAITHNÍONN SÍ NA TRÍ CHÉIM SEO A LEANAS D’FHONN LIPÉAD CÉIME EORPAÍ COMHPÁIRTÍ A CHUR CHUN FEIDHME AGUS AN BEALACH A RÉITEACH DO CHÉIM EORPACH CHOMHPHÁIRTEACH:

1. **CÉIM 1: BAILCHRÍOCH A CHUR AR NA hULLMHÚCHÁIN DO LEATHADH AMACH AN LIPÉID CÉIME EORPAÍ COMHPHÁIRTÍ (2025-2026)**

2. **CÉIM 2: LEATHADH AMACH AN LIPÉID CÉIME EORPAÍ COMHPHÁIRTÍ, FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR A CHUR CHUN FEIDHME, MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR A ÚSÁID AGUS STAIDÉIR FÉIDEARTHACHTA AGUS THAIGHDE A DHÉANAMH AR CHÉIM EORPACH CHOMHPHÁIRTEACH (2026-2028)**

3. **CÉIM 3: BREITHNIÚ AGUS CINNEADH FIANAISEBHUNAITHE A DHÉANAMH MAIDIR LEIS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE I DTREO CÉIM EORPACH CHOMHPHÁIRTEACH (2029)**

## 1. CÉIM 1: BAILCHRÍOCH A CHUR AR NA hULLMHÚCHÁIN DO LEATHADH AMACH AN LIPÉID CÉIME EORPAÍ COMHPHÁIRTÍ (2025-2026)

IARRTAR AR AN gCOIMISIÚN, in éineacht leis na Ballstáit agus i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) Saotharlann Beartas a bhunú faoi chuimsiú na Meithle um Ardoideachas do chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais, meitheal a mbeidh sé de chúram uirthi creat cuimsitheach a cheapadh le haghaidh lipéad céimí Eorpaí comhpháirtí agus a mbeidh freagrachtaí éagsúla uirthi, cuir i gcás:

   – sainmhínithe, tuairiscí, táscairí agus modh comhchoiteann a cheapadh chun go mbeifear in ann fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le córas Eorpach um dhearbhú cáilíochta agus um aitheantas san ardoideachas, agus lánurraim á tabhairt d’inniúlachtaí na mBallstát i réimse an oideachais agus na hoiliúna chomh maith le prionsabal na coimdeachta;

   – treoirlínte agus nósanna imeachta a fhorbairt chun an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a eisiúint;

   – teimpléad caighdeánaithe a dhearadh le haghaidh sainaitheantas físeach an lipéid, lena n-áirítear a léiriú grafach sna formáidí fisiceacha agus digiteacha araon.

Beidh ionadaithe ó na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Meitheal um Ardoideachas do chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais (nó aon ghrúpa comharba arna bhunú faoin gcreat sin) agus saineolaithe eile i dtoscaireachtaí na mBallstáit, in éineacht le hionadaithe ón gCoimisiún, páirteach sa tSaotharlann Beartais. Féadfaidh saineolaithe arna n-iarraidh ag an tSaotharlann Beartais a bheith rannpháirteach in obair na Saotharlainne ar ábhair shonracha, de réir mar is gá. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún gníomhaíochtaí na Saotharlainne a stiúradh go comhpháirteach, agus is é an Coimisiún a chuirfidh tacaíocht theicniúil agus eagraíochtúil ar fáil.

b) torthaí na Mheithle um Ardoideachas do chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais sa tSaotharlann Beartas a chur faoi bhráid na Comhairle faoi lár 2026, chun go mbeifear in ann lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a leathadh amach go héifeachtach in 2026.

INA THEANNTA SIN, IARRTAR AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

a) i gcás nach bhfuil sé déanta go fóill, ionstraimí Bologna a chur chun feidhme go hiomlán – mar shampla an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS), an Forlíonadh Dioplóma, na Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha um dhearbhú cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG) agus an Cur Chuige Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach – mar phríomhéascaitheoirí i gcur chun feidhme an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí. Leis an mbeart sin, ba cheart go gcothófaí comhar trasnáisiúnta níos doimhne agus níos solúbtha ar fud na hEorpa, go háirithe in oirchill leathadh amach an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile chun céim Eorpach chomhpháirteach a bhaint amach;

b) na bearta is gá a dhéanamh chun leathadh amach an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí a éascú faoi dheireadh 2026, agus ar an gcaoi sin comhsheasmhacht agus comhionannas deiseanna a áirithiú do gach institiúid ardoideachais san Eoraip.

## 2. CÉIM 2: LEATHADH AMACH AN LIPÉID CÉIME EORPAÍ COMHPHÁIRTÍ, FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR A CHUR CHUN FEIDHME, MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR A ÚSÁID AGUS STAIDÉIR FÉIDEARTHACHTA AGUS THAIGHDE A DHÉANAMH AR CHÉIM EORPACH CHOMHPHÁIRTEACH (2026-2028)

IARRTAR AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

a) lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a leathadh amach i gcomhar le chéile ó 2026 go 2028 agus an próiseas a threorú, d'fhonn a indéantacht a thástáil agus measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith leis ó thaobh na polaitíochta, an dlí, an airgeadais agus an riaracháin de agus a mhéid a baineadh na bacainní atá ar chomhar trasnáisiúnta ar chéimeanna comhpháirteacha in earnáil an ardoideachais, mar shampla na bacainní sin a sainaithníodh i dtorthaí deiridh thionscadail tástála beartais Erasmus+ ar lipéad céime Eorpaí comhpháirtí;

b) Saotharlann Beartas na Meithle um Ardoideachas do chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais a úsáid mar ardán chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le leathadh amach an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí, rannpháirtíocht struchtúrtha a éascú le hinstitiúidí ardoideachais, le mic léinn, le gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus le páirtithe leasmhara eile, agus féachaint ar choincheap agus indéantacht na céime Eorpaí comhpháirtí agus aird á tabhairt ar na chéad chéimeanna eile agus ar an mbealach chun cinn.

IARRTAR AR AN gCOIMISIÚN

a) gníomhaíochtaí spriocdhírithe a chur le chéile chun tacú le hinstitiúidí ardoideachais ar spéis leo lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a eisiúint i gcomhthéacs clár comhpháirteach;

b) infheictheacht an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí a chur chun cinn agus faisnéis faoi a chomhroinnt i measc na n-institiúidí ardoideachais, na mac léinn, na bhfostóirí agus na sochaí i gcoitinne. D'fhéadfaí a áireamh ar na hiarrachtaí sin sainaitheantas físeach agus straitéis chumarsáide agus bhrandála a fhorbairt lena léirítear breisluach an lipéid d'fhoghlaimeoirí, don taighde agus don nuálaíocht sna Ballstáit ar fad, chomh maith lena fhéidearthacht mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh;

c) aiseolas bliantúil a thabhairt don Chomhairle a luaithe a chuirfear tús le leathadh amach an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí. Ba cheart a áireamh san aiseolas sin léargais ar an bpróiseas cur chun feidhme, ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus ar aon cheachtanna a foghlaimíodh, ionas gur féidir na coigeartuithe is gá a dhéanamh chun tacú le rath an leata amach;

d) faireachán a dhéanamh ar chéim an leata amach agus meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh uirthi, i ndlúthchomhar le Saotharlann Beartas na Meithle um Ardoideachas do chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais, ina ndéanfar measúnú ar an méid seo a leanas:

– a thorthaí agus an breisluach a d'fhéadfadh a bheith ag lipéad céime Eorpaí comhpháirtí, agus aird ar leith á tabhairt ar indéantacht, ar dhúshláin a thagann chun cinn agus ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an tionscnamh;

– a ábhartha atá lipéad céime Eorpaí comhpháirtí i leith tacú le comhar trasnáisiúnta, tarraingteacht agus líon na gclár staidéir comhpháirteach san Aontas a mhéadú, iomaíochas domhanda an ardoideachais Eorpaigh a neartú agus soghluaisteacht chothrom do mhic léinn agus do bhaill foirne a fheabhsú;

e) staidéar féidearthachta a dhéanamh ar an gcéim Eorpach chomhpháirteach, in éineacht le Saotharlann Beartas na Meithle um Ardoideachas do chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais, ina ndéanfar meastóireacht ar na critéir Eorpacha ar a mbonn a dhéanfaí an chéim chomhpháirteach sin a bhronnadh, ar na nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta comhfhreagracha agus ar acmhainneacht na céime deireadh a chur le bacainní ar chomhar trasnáisiúnta ar chéimeanna comhpháirteacha in earnáil an ardoideachais, anailís a dhéanamh ar a tionchar ar luach agus ar aitheantas na gclár acadúil agus institiúidí ardoideachais arna bronnadh, agus scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí mac léinn, lena n-áirítear príomhdhúshláin, tairbhí a mheastar a bheith léi agus cineálacha cur chuige malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann;

f) tuarascáil mheastóireachta ar chur chun feidhme lipéad na céime Eorpaí comhpháirtí agus an staidéar féidearthachta ar chéim Eorpach chomhpháirteach a chur faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinneadh eile faoi dheireadh 2028.

MOLTAR DO NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

a) sonraí ábhartha a chomhroinnt leis an gCoimisiún chun meastóireacht chuimsitheach ar an leathadh amach a éascú.

## 3. CÉIM 3: BREITHNIÚ AGUS CINNEADH FIANAISEBHUNAITHE A DHÉANAMH MAIDIR LEIS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE I DTREO CÉIM EORPACH CHOMHPHÁIRTEACH (2029)

Bunaithe ar thorthaí a hanailíse ar an tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus an staidéir féidearthachta ar chéim Eorpach chomhpháirteach, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir le cur chun feidhme fadtéarmach an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí agus iarraidh ar an gCoimisiún na chéad chéimeanna sonracha eile a mholadh chun céim Eorpach chomhpháirteach a thabhairt isteach. Ach an chéim chomhpháirteach sin a bhunú, d'fhéadfaí bealaí nua a chur ar fáil do thodhchaí an ardoideachais san Aontas Eorpach agus d'fhéadfaí í a úsáid mar bhealach chun forbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil agus saoránacht ghníomhach na nglúnta atá ann faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht a chothú.